Foras na Gaeilge

# LEABHRÁN EOLAIS

## Oifigeach Foirne
## (Sealadach)

## An Rannóg Oideachais, Foras na Gaeilge

## Tag: OFOID/0423

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;

- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;

- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;

- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;

- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;

- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;

- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**

Oifig Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste a bheidh mar phríomhláthair oibre don té a cheapfar sa phost láthair an phoist faoi láthair agus beidh ar an té a cheapfar dualgais an phoist a chomhlíonadh le linn uaireanta oibre ón Luan go dtí an Aoine ón oifig sin. Tá polasaí maidir le hobair chumaisc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge ag tá féidearthachtaí ann cuid den tseachtain oibre a chur i gcrích ó chian faoin bpolasaí sin.

**Sochair**

Baineann téarmaí agus coinníollacha an phoist seo le ceapachán mar Oifigeach Foirne (Sealadach) le Foras na Gaeilge.

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo ná £32,328-£33,459 (*pro rata).*
D’fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
**Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála.*

- Tréimhse an Chonartha: Post Sealadach chun saoire mháithreachais a chlúdach.
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 42 uair (i seachtain cúig lá). Ceadaítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an phost seo;
- Saoire Bhliantúil: 25 lá *(pro rata)* agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 6 mhí ar phá iomlán agus 6 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 12 mí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith (*pro rata);*
- Pinsean: Mar atá ceadaithe ag an CATT;
- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.
- Saoire Thuismitheoireachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéid;
- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh na Ranna Urraíochta sa dá dhlinse;
- Cód Iompraíochta: Mar a fhaomhfaidh an CATT.

**Ginearálta**

Tá na hoifigigh faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann "North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999" agus Airt.1 de "The British-Irish Agreement Act 1999."

2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasaíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

**An Próiseas Roghnóireachta**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF/JPG den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12pm meán lae, Dé hAoine, 26 Bealtaine 2023 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta, tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha faoi na hinniúlachtaí agus taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach agus inmhianaithe; tá cur síos orthu sin sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí sin a fuair siad san obair a rinne siad ar na mallaibh lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta. I gcás líon ard iarrthóirí, is féidir go mbainfear leas as na critéir inmhianaithe chomh maith leis an bpróiseas gearrliostaithe a chur i gcrích.

Iad siúd a n-éireoidh leo sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta, iarrfar orthu dul faoi agallamh (déanfar measúnú ar gach ceann do na critéir riachtanacha agus inmhianaithe ag an gcéim seo).

**OFOID/0423**

**SAINCHUNTAS POIST**

**Teideal an Phoist:** Oifigeach Foirne, Stiúrthóireacht Seirbhísí Oideachais

**Freagrach do:** An Clárbhainisteoir: Oideachas

**Próifíl an Phoist:** Beidh an t-oifigeach freagrach as réimse leathan d'fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge a bhaineann le stádas, sealbhú agus úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích ar bhonn uile-oileáin agus as a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileáin.

**PRÍOMHCHÚRAIMÍ**

Cúraimí Straitéiseacha

- Feidhmeanna a bhaineann le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge a chur i gcrích agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileáin ar dhóigh atá ag teacht le spriocanna agus aidhmeanna Fhoras na Gaeilge.

- Tionscadail, scéimeanna agus cláir oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir spriocanna Fhoras na Gaeilge.

- Spriocanna cuí a fhorbairt de réir mar a aontófar leis an Fhoireann Ardbhainistíochta agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Cúraimí Oibríochtúla

- Cur i gcrích tionscnaimh chomhaontaithe a bhainistiú.

- Teagmháil a dhéanamh leis na forais reachtúla agus neamhreachtúla atá bainteach le stádas, sealbhú, agus úsáid na Gaeilge i measc grúpaí sainaitheanta agus comhairle a chur orthu.

- Teagmháil agus comhoibriú le heagraíochtaí deonacha maidir le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge.

- A bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann.

- Tionscnaimh Ghaeilge a mheas, a bhainistiú, a riar agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu.

- Bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann.

- Feidhmiú mar bhall den eagraíocht ina iomláine agus solúbthacht agus spéis a bheith in obair agus i dtionscadail trasrannógacha.

<u>Cúraimí Airgeadais</u>

- Buiséad tionscadal a bhainistiú ó lá go lá.
- Tuairisciú don Chlárbhainisteoir ar fheidhmíocht airgeadais.
- Maoirsiú a dhéanamh ar an fhoireann maidir le comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le modhanna imeachta agus treoirlínte airgeadais.
- Iarratais ar scéimeanna a mheas ó lá go lá agus moltaí a dhéanamh ina leith.

<u>Cúraimí Pearsanra</u>

- A chinntiú go gcloíonn na baill foirne atá ag tuairisciú dó/di le polasaithe agus modhanna imeachta Fhoras na Gaeilge.
- Feidhmíocht na mball foirne atá ag tuairisciú go díreach dó/di a bhainistiú.
- Tuairisciú don Chlárbhainisteoir maidir le cur i gcrích cuspóirí foirne agus pearsanta.

<u>Cúraimí Cumarsáide</u>

- Freastal ar chruinnithe foirne agus stiúrthóireachta.
- Cruinnithe rannóige a ghlaoch de réir mar is cuí.
- Teagmháil a choinneáil le réimse leathan de pháirtithe cuí maidir le ceisteanna a bhaineann le stádas, sealbhú, agus le húsáid na Gaeilge.

**<u>An Rannóg Oideachais</u>**

Tá an Rannóg Oideachais freagrach as réimse leathan de scéimeanna deontais agus tionscadail forbartha a reáchtáil agus a riaradh i réimse an oideachais agus na hóige. Beidh cúraimí an phoist seo dírithe ar riaradh scéimeanna deontais agus tionscadail atá dírithe ar chúrsaí oideachais. Mar bhall den rannóg, beidh róil agus cúraimí éagsúla ar an té a cheaptar ag plé leis an bpobal i gcoitinne, riar a dhéanamh ar dheontaithe reatha agus bheith páirteach i dtionscadail ábhartha nuálaíocha a fhorbairt chun leas na teanga.

***Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.***

# SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA

## Critéir Riachtanacha

- Ardchumas sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, agus tiomantas don teanga.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar chláir agus thionscnaimh teanga a fhorbairt agus a chur i gcrích a bhaineann le stádas, sealbhú nó le húsáid na Gaeilge.
- Taithí phraiticiúil ar mheasúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus spriocanna a bhainistiú dá réir.
- Eolas nó taithí ar bhainistíocht nó monatóireacht a dhéanamh ar dheontais.
- Ceadúnas Tiomána reatha agus úsáid chairr chun críche an phoist nó teacht láithreach ar mhodh iompair taistil sásúil.

## Critéir Inmhianaithe

- Eolas agus/nó an taithí ar na córais oideachais thuaidh agus theas.
- Eolas agus / nó an taithí ar fhorbairt ghnóthaí óige i gcomhthéacs miontheanga.
- Eolas agus/nó an taithí ar bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais.